Rewarding Learning

# An Clár Luathléitheoireachta

## Gníomhaíochtaí Tacaíochta




Banda 4

# Clár

**Intreoir**

Réamhrá CCEA 4

Intreoir leis an Áisaonad 5

**Measúnú Bhanda 4**

Measúnú Gasta Bhanda 4 10

Taifead agus Scór na Léitheoireachta 11

**Gníomhaíochtaí**

Gníomhaíochtaí Cláraithe 38

**Gníomhaíochtaí, Banda 4a** 45

**Gníomhaíochtaí, Banda 4b** 75

**Gníomhaíochtaí, Banda 4c** 103

# Intreoir

# Réamhrá CCEA

Tacaíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn seo le Banda 4a, b agus c de Chlár Luathléitheoireachta an Áisaonaid. Múinteoirí ó earnáil na Gaelscolaíochta a d'fhorbair na gníomhaíochtaí, faoi threoir an Áisaonaid, bunaithe ar an taithí atá acu ar na Bandaí eile den chlár agus ar a gcuid taithí sa Bhonnchéim agus in Eochairchéim 1.

Tá 30 leabhar ar fad i mBanda 4 den Chlár Luathléitheoireachta agus tá 2 ghníomhaíocht ann do gach leabhar san acmhainn seo. Tá sraith póstaer forbartha againn fosta is féidir leis an mhúinteoir a úsáid le heiseamláiriú a dhéanamh agus le plé a spreagadh faoi ghnéithe áirithe sna leabhair agus iad a dhaingniú. Is féidir na póstaeir agus na gníomhaíochtaí a úsáid le scileanna litearthachta agus scileanna smaointeoireachta na bpáistí a fhorbairt agus leis an fhoghlaim a nascadh le réimsí eile foghlama.

Cuireann na gníomhaíochtaí seo deiseanna faoi leith ar fáil do pháistí a bheith ag obair go neamhspleách le heolas agus scileanna a dhaingniú agus le muinín a fhorbairt. Baineann an réimse leathan gníomhaíochtaí le scileanna litearthachta ar nós Aithint Focal, Feasacht Fhóineolaíoch, Coincheapa faoi Chló agus Scileanna Tuisceana. Tá gníomhaíochtaí ann a nascann le réimsí eile foghlama, mar shampla, an Domhan Thart Orainn agus Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint.

Sa dóigh gur féidir an acmhainn seo a úsáid ar bhonn uile-oileáin, rinneadh iarracht mórcheisteanna canúna a laghdú oiread agus ab fhéidir (tá gníomhaíocht chomhroghnach ann le freastal ar éagsúlachtaí canúna).

Tá Gníomhaíochtaí Bhanda 4 ar fáil ar shuíomh gréasáin CCEA www.ccea.org.uk chomh maith. Is féidir na gníomhaíochtaí a chóipeáil go díreach ón acmhainn seo nó iad a íoslódáil ón tsuíomh gréasáin.

Is toradh ar chomhfhiontar idir CCEA, an tÁisaonad agus COGG an acmhainn seo. Tá na gníomhaíochtaí tacaíochta seo á soláthar ag CCEA mar chuid dá chlár tacaíochta don earnáil ó thuaidh.

Ba mhaith le CCEA buíochas agus aitheantas a thabhairt do na daoine seo a leanas as an obair a rinne siad ar na gníomhaíochtaí agus ar na póstaeir:

**Dolores Barnes**, Bunscoil Phobal Feirste

**Seán Mac Mánais**, Bunscoil Phobal Feirste

**Gearóid Mac Sheáin**, Bunscoil Phobal Feirste

**Deirdre Uí Choisneacháin**, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Foireann an Áisaonaid

Arna dhearadh agus arna tháirgeadh ag CCEA. Tá CCEA fíorbhuíoch den Áisaonad as cead a fháil ábhar na ngníomhaíochtaí seo a fhoilsiú.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den acmhainn seo a athfhoilsiú i gcruth ar bith ná ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó CCEA agus ón Áisaonad.

# Intreoir leis an Áisaonad

## Cleite, An Clár Luathléitheoireachta

Is é seo an ceathrú Banda sa chlár luathléitheoireachta *Cleite*. Scríobhadh an clár seo don chóras tumoideachais i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta.

I ngach Banda sna chéad trí Bhanda den chlár, tá 60 leabhar ann. Tugann na Bandaí seo dúshraith láidir don luathléitheoir agus é ag forbairt a chuid scileanna luathléitheoireachta. Dé bhrí go bhfuil réimse leathan ábhar clúdaithe sna leabhair léitheoireachta, tá deis ag an dalta foclóir leathan a thógáil. Tá spriocfhocail sna luath-Bhandaí seo a ligeann don oide aird an dalta a dhíriú orthu agus iad a thógáil go céimnitheach carnach. Forbraítear eolas ar an fhónaic trí na Bandaí seo go struchtúrtha straitéiseach chomh maith.

I mBanda 4, tá 30 leabhar ann san iomlán, 15 leabhar ficsin agus 15 leabhar neamhfhicsin. Tá Banda 4 roinnte ina thrí chuid (4a, 4b agus 4c), mar atá na Bandaí a thagann roimhe. Níl spriocfhocail nua sa Bhanda seo. Atreisíonn Banda 4 an foclóir, na spriocfhocail agus an t-eolas fónaice atá sna chéad trí Bhanda. In ionad athrá na bhfrásaí mar atá le feiceáil i mBanda 3, tá na focail a chonacthas roimhe athráite i réimse leathan de chomhthéacsanna éagsúla. Cuirtear leis an fhoclóir agus leis an eolas seo de réir riachtanais forbartha foghlama an dalta agus deiseanna foghlama gach leabhair.

## Stair an Chláir

Ag dul siar roinnt blianta, d'aithin an earnáil an gá le sainchlár struchtúrtha céimnithe luathléitheoireachta agus cuireadh é sin in iúl don Áisaonad ar réimse dóigheanna. Agus mar gheall ar an chur chuige seo, tá an-ráchairt ar an chlár luathléitheoireachta seo ón chéad lá.

Shocraigh an Grúpa Luathléitheoireachta, a cuireadh le chéile leis an chlár a scríobh, go mbeadh réimse leathan leabhar ar fáil don léitheoir sna chéad Bhandaí, leabhair a bheadh ag teacht le curaclam leathan na bunscoile mar aon le suimeanna agus cultúr an dalta. Leanadh den chur chuige seo i mBanda 4, cé gur socraíodh go mbeadh líon níos lú leabhar ann i mBanda 4 ná mar atá sna chéad 3 Bhanda. Mothaítear go mbíonn dúshraith scileanna ag an léitheoir faoin am a gcríochnaíonn sé Banda 3, idir ghnóthachtáil sa teanga labhartha agus sa léitheoireacht, eolas ar spriocfhocail léitheoireachta, eolas ar an fhónaic agus eolas ar chló. Léifidh daltaí trí Bhanda 4 le muinín agus neamhspleáchas atá ag forbairt, agus iad ag cur lena scileanna agus lena gcumas teanga.

## Banda 4 – An Banda Gorm

Scríobhadh Cleite, an Clár Luathléitheoireachta, do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta. Is clár é don Léitheoireacht faoi threoir, bunaithe ar an tuiscint go bhfuil clár níos leithne Litearthachta i bhfeidhm sa rang agus ar bhonn iomlán scoile, a chuimsíonn léitheoireacht mhúnlaithe, léitheoireacht i gcomhpháirt agus léitheoireacht neamhspleách.

Sna scoileanna seo, tumtar an dalta sa Ghaeilge agus tógtar ar an Ghaeilge sin go córasach carnach le linn gach bliana. Is amhlaidh atá an scéal leis an léitheoireacht faoi threoir; tógtar ar an fhoclóir labhartha, tógtar ar an fhoclóir radhairc agus tógtar ar na scileanna léitheoireachta go córasach carnach.

Atreisíonn an Banda seo na scileanna, an mhuinín agus an t-eolas a tógadh sna chéad trí Bhanda. Atreisíonn sé na spriocfhocail a léigh an dalta le go mbeidh siad ar eolas aige go huathoibríoch. Atreisíonn Banda 4 na focail suime

ó na chéad trí Bhanda mar fhocail is féidir leis an dalta a léamh go huathoibríoch. Ar an dóigh sin, daingnítear neamhspleáchas agus muinín an dalta ina chumas agus ina ghnóthachtáil léitheoireachta. Spreagann an mothú dearfach seo agus an réimse leathan d'ábhair shuimiúla léitheoireachta, grá don léitheoireacht. Spreagann sé an léitheoir le bheith ag léamh i nGaeilge.

## Cur síos ar Bhanda 4

Tá Banda 4 briste ina thrí chuid. Tá 10 leabhar i ngach cuid; mar atá, Banda 4a, 4b agus 4c, agus 5 leabhar ficsin agus 5 leabhar neamhfhicsin iontu uile. I dtaca leis na leabhair ficsin, tá meascán d'fhinscéalta agus scéalta nua-aimseartha ann, a nascann cuimhne agus samhlaíocht an dalta mar straitéisí léitheoireachta. Maidir leis na leabhair neamhfhicsin, clúdaítear réimse d'ábhair churaclaim agus ábhair a bheadh ag teacht le suimeanna an dalta.

Tá méadú ar líon na bhfocal i leabhair Bhanda 4 i gcomparáid le Banda 3, cé nach é sin amháin a threoraíonn leibhéal deacrachta na leabhar. I mBanda 4a, tá suas le 300 focal agus i mBanda 4b agus 4c, suas le 400. Sna cásanna ina dtéann líon na bhfocal thar an líon seo atá luaite, baineann sé sin le struchtúr na scéalta áirithe sin.

## Cur chuige Bhanda 4

Aithnítear gurb iad na daltaí a léann go neamhspleách go luath, na léitheoirí is cumasaí. Aithnítear chomh maith gur fearr a léann na daltaí is cumasaí seo i réimsí eile den churaclam. Chuige sin, is den tábhacht go gcothaítear muinín sa dalta agus é chomh hóg agus is féidir.

Díríonn Banda 4 ar spriocfhocail Bhanda 1 go Banda 3 a athúsáid agus a atreisiú i gcomhthéacsanna éagsúla go dtí go mbíonn na spriocfhocail sin ar eolas ag an dalta go huathoibríoch. Baintear athúsáid as na focail i gcomhthéacs fosta, arís agus arís eile, le go mbeidh siad sin ar eolas ag an léitheoir de ghlanmheabhair. Tá tacaíocht shoiléir ó na pictiúir go fóill lárnach mar straitéis tacaíochta léitheoireachta. Ar ndóigh, is den tábhacht go mbíonn dúshlán ann. Mar sin de, tá foclóir úr curtha os comhar an dalta san ábhar nua léitheoireachta agus tá an foclóir nua sin athráite thar Bhanda 4. Tá na focail atá ar eolas cheana in úsáid i réimse níos leithne de struchtúir abairte. Tugann leithead ábhar léitheoireachta an Bhanda seo iliomad deiseanna don dalta réimse leathan de straitéisí léitheoireachta a thriail agus a shealbhú.

Ar an ábhar gur clár carnach é seo, moltar go láidir go léifeadh an dalta na Bandaí uile a thagann roimh Bhanda 4 le dúshraith teanga agus scileanna a thógáil. Moltar go mbeadh taithí aige ar na gníomhaíochtaí páipéir agus ar líne agus thar aon rud, go mbeadh deiseanna saibhre aige labhairt faoi na leabhair léitheoireachta seo agus leabhair eile i nGaeilge le Gaeilgeoir líofa eile. Is trí na pictiúir a phlé go bhforbraítear cuid mhór scileanna tuisceana agus tairngreachta. Mar aon leis sin, go hidéalach, ba chóir go mbeadh a oiread taithí agus is féidir ag an dalta ar an léitheoireacht, ag léamh leabhair de gach cineál, leabhair a bhfuil suim aige féin iontu.

Cé nach bhfuil athrá frásaí sa Bhanda seo mar atá sna Bandaí eile, tá gach focal athráite i réimse comhthéacsanna. Tá tacaíocht shoiléir láidir ó na pictiúir go fóill. Sna leabhair neamhfhicsin, bíonn lipéid ann le tacú leis an dalta na focail nua a léamh. Moltar iomlán úsáide a bhaint as na lipéid seo sa réamhphlé, le go mbíonn siad ar bharr a theanga ag an dalta agus é ag léamh.

# An Clár Luathléitheoireachta

## Gníomhaíochtaí agus Póstaeir Bhanda 4

Tugtar deis don oide réimse de scileanna litearthachta agus scileanna eile a fhorbairt trí úsáid éifeachtach na ngníomhaíochtaí agus na bpóstaer. Tugann na póstaeir deis don oide na gnéithe thíos a eiseamláiriú leis an ghrúpa léitheoireachta. Tugann na gníomhaíochtaí deis do na daltaí obair neamhspleách a dhéanamh, leis an eolas agus na scileanna céanna a chothú ar bhonn níos gníomhaí. Tógtar ar eolas an dalta sna nithe a leanas:

- ábhar an leabhair
  Idir **Forbairt Teanga** (FT), **Aithint Focal** (AF), **Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** (SSÁP), **Scileanna Tuisceana** (ST), an **Domhan Thart Orainn** (DTO), **Coincheapa faoi Chló** (CC) agus **Scríbhneoireacht** (S), baintear úsáid as éagsúlacht de chur chuige le croí-fhoclóir agus eolas gach leabhair a dhaingniú. Teagasctar don dalta, mar shampla, an nasc idir bolgán cainte agus focail i gcomharthaí athfhriotail, an dóigh le hinnéacs a dhéanamh agus an dóigh a n-úsáidtear lipéid agus an éifeacht atá leo. Bíonn seans ag an dalta nasc a dhéanamh lena thaithí féin agus lena shuimeanna féin agus ábhar an leabhair agus machnamh a dhéanamh ar mhothúcháin daoine eile [**Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint** (FPC)]. Cláraítear an t-eolas seo uile ar réimse de dhóigheanna a chlúdaíonn **Úsáid na Matamaitice** trasna an churaclaim (ÚM).
- ag úsáid aidiachtaí agus ainmfhocail le chéile
  Tá meascán de **Ghnéithe Gaeilge** (GG) aimsithe sna gníomhaíochtaí, nithe a bhaineann go sainiúil le gramadach na Gaeilge. Pléitear leis an aidiacht ar roinnt dóigheanna éagsúla, mar atá, 1 nó 2 aidiacht i ndiaidh an ainmfhocail, 2 aidiacht a thagann le chéile mar fhrása, an bhreischéim agus an tsárchéim.
- patrúin choitianta agus focail bheaga i bhfocail
- patrún litrithe san aimsir láithreach
- fuaimeanna agus rím
  Le tacú leis an dalta bheith ag amharc go cruinn ar fhocail, dírítear ar na focail úra i gcomhthéacs eolas atá ag an dalta cheana, mar atá, **Feasacht Fhóineolaíoch** (FF), eolas ar an **Fhónaic** (F) agus ag **Aithint Focal** (AF) beag sna focail nua seo. Nasctar an t-eolas atá ag an dalta cheana ar spriocfhocail leis na focail úra san aimsir láithreach le tacú leis iad a léamh.

Cuireann na gníomhaíochtaí neamhspleácha seo deiseanna breise léitheoireachta ar fáil, deiseanna atá ar an leibhéal céanna léitheoireachta le leabhair an Bhanda seo. Baineann siad úsáid as foclóir na leabhar atá léite ag an dalta cheana. Mar sin de, cuireann treoracha na ngníomhaíochtaí le neamhspleáchas agus le muinín an léitheora.

## Measúnú Bhanda 4

Má tá dalta ag léamh leabhar Bhanda 4, is féidir leis an oide an Taifead Reatha ón Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht (Nig Uidhir agus Clay, 2006) a dhéanamh nuair is mian leis. Moltar gur leor tuairim is 200 focal le heolas cruinn a fháil ar leibhéal gnóthachtála an dalta. Mar sin de, nuair a bhíonn líon níos mó focal ná sin i leabhar, ní gá don dalta an leabhar uile a léamh don mheasúnú. Chuige sin, don mheasúnú seo, socraíodh go léifeadh an dalta an chéad 200 focal sa leabhar. Don mheasúnú anseo, déantar iarracht cloí leis an líon seo go dtí go mbíonn briseadh nádúrtha sa téacs féin. Déanfar an anailís ar léitheoireacht na bhfocal áirithe seo. Ansin, beidh deis ag an dalta an chuid eile den leabhar a phlé, barúil a thabhairt ar an rud a mheasann sé a tharlóidh, rud a léireoidh a scileanna tuartha, agus ceisteanna ar an méid a léigh sé a phlé. Tá cur síos iomlán cuimsitheach ar an dóigh le tabhairt faoi seo sa rannán **Measúnú Bhanda 4**. Tá measúnú gasta ann le scileanna forbartha léitheoireachta an dalta a mheas. Cuidíonn an leathanach seo le daltaí a ghrúpáil de réir gnóthachtáil sa léitheoireacht, rud a athraíonn, ar ndóigh, thar am.

# An Clár Luathléitheoireachta


## Buíochas

Is le Grúpa Luathléitheoireachta an Áisaonaid bunsmaointe chuir chuige an chláir léitheoireachta seo. Atreisíonn Banda 4 an cur chuige sin. Gabhaimid buíochas leo uile, mar atá, **Jacqueline de Brún**, **Dolores Barnes**, **Deirdre Uí Choisneacháin**, **Orla Flanagan**, **Clare O'Loughlin**, **Joanne Uí Luachráin**, **Aoife Ní Phóilín**, **Caitríona Nic Sheáin** agus **Mairéad Mhig Uaid**.

Is féidir leabhair *Cleite* a fháil ón Áisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste.

Ba iad **Dolores Barnes**, **Seán Mac Mánais**, **Gearóid Mac Sheáin**, **Deirdre Uí Choisneacháin** agus **Mairéad Mhig Uaid** a rinne na gníomhaíochtaí agus na póstaeir do Bhanda 4.

Ba iad **Gabhán Ó Dochartaigh**, **Ciarán Ó Pronntaigh** agus **Mairéad Mhig Uaid** a rinne eagarthóireacht orthu.

**Mairéad Mhig Uaid, Comhairleoir Oideachais an Áisaonaid**

# Measúnú Bhanda 4

# Measúnú Gasta Bhanda 4

Banda 4

## Scileanna Léitheoireachta an Dalta

**Ainm:** ______________________ **Rang/Grúpa:** ______________

| Scil | Scór<br>🔴 ag streachailt<br>🟠 dul chun cinn déanta<br>🟢 scil daingnithe | Le déanamh |
|---|---|---|
| Téacs a leanúint le súile, méar ag díriú ar rudaí dúshlánacha amháin. | ◯ | |
| Léamh le rithim agus mothú, aird a léiriú ar phoncaíocht, ar phatrúin sna frásaí. | ◯ | |
| Ábalta stór focal radhairc níos leithne a léamh go líofa. | ◯ | |
| Focail atá ar eolas a úsáid le focail eile a léamh trí chosúlachtaí agus patrúin a aithint. | ◯ | |
| Fuaimeanna Gaeilge a aithint agus a léamh go cruinn i bhfocail. | ◯ | |
| Fóinéimí atá ar eolas a úsáid le focail nua a léamh. | ◯ | |
| Straitéisí cuí a úsáid le focail nua a léamh; pictiúrleid, túsfhuaim, fuaim ag an deireadh, focail bheaga ann, cosúil le focal eile, comhréir, réamheolas, lipéid. | ◯ | |
| Eolas a chuardach sa téacs le focail nua a thuar, a thriail, a chinntiú. | ◯ | |
| Réamheolas agus taithí phearsanta a úsáid le heolas a nascadh chun focail nua a thriail. | ◯ | |
| Focail/frásaí/abairtí a athrá le léitheoireacht a chinntiú, le féincheartú a dhéanamh nó le tuiscint a dhaingniú. | ◯ | |
| Ábalta scéal, eolas, imeachtaí, carachtar a phlé nó a athinsint in ord ina f(h)ocail féin agus é/í ag úsáid comhréir agus teanga chuí ag an leibhéal léitheoireachta seo. | ◯ | |
| Tuiscint a léiriú trí phlé níos doimhne a dhéanamh ar an téacs le foclóir atá ag forbairt. | ◯ | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**1.** Déan cuntas ar líon na bhfocal sa téacs, níl an teideal san áireamh.

**2.** Cuntais líon na n-earráidí agus na bhféincheartúchán a dhéantar sa léitheoireacht.

**3.** Úsáid an leathanach taifid ar a bhfuil téacs an leabhair leis an nodaireacht a dhéanamh.

| **Earráidí**<br>(Scríobh **E** in aice le focal nuair a dhéantar earráid)<br><br>Is ionann é seo agus earráid amháin:<br>• Malartú focal<br>• Focal ar lár<br>• Focal curtha isteach<br>• Iarracht chontráilte<br>• Focal a fuarthas ón mhúinteoir<br>• Líne iomlán ar lár<br>• Leathanach iomlán ar lár (ach bain de líon na bhfocal) | **Féincheartúcháin**<br>(Scríobh **FC** in aice le focal nuair a dhéantar féincheartúchán)<br><br>Ní earráidí iad seo, is féincheartúcháin iad:<br>• Féincheartúchán<br>• Athrá<br>• Iarracht cheart<br>• Fuaimniú amach (*cláraigh le línte idir na litreacha*) |
|---|---|

Déan anailís ar na hearráidí agus ar na féincheartúcháin a dhéanann an léitheoir. An mbaineann na hearráidí le **Brí**, le **Struchtúr** nó le h**Amharc**?

- **B** – An bhfuil ciall leis an rud a léigh an léitheoir? Má tá ciall leis scríobh **B (brí)** in aice leis an earráid seo.

  scoil
  *m.sh. Tá an cailín beag sa siopa.* B S A

- **S** – An bhfuil an earráid ag teacht le comhréir nó le struchtúr na habairte? Scríobh **S (struchtúr)** in aice leis an earráid seo.

  Go raibh tú go maith
  *m.sh. Go raibh maith agat.* B S A

- **A** – An bhfuil an léitheoir ag léamh focail atá cosúil leis an fhocal cheart ó thaobh cuma de? An bhfuil an léitheoir ag amharc ar an chuma atá ar an fhocal?
  Scríobh **A (amharc)** in aice leis an earráid seo.

  rith
  *m.sh. Tá Lára ag ithe anois.* B S A

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

| Ríomh céatadán cruinnis |
|---|
| **Earráidí**<br>Líon na bhfocal – líon na n-earráidí = Scór *m.sh.* 29 – 5 = 24<br>Scór roinnte ar líon na bhfocal iolraithe faoi 100 = céatadán cruinnis<br>24 roinnte ar 29 = .8275 iolraithe ar 100 = 82.75 |
| **Féincheartúchán**<br>Léiríonn sé seo ábaltacht an léitheora sa mhonatóireacht ar a léitheoireacht féin.<br>Suimigh na hearráidí + na féincheartúcháin = Líon iomlán *m.sh.* 6 + 2 = 8<br>Líon iomlán roinnte ar na FC = Ráta *m.sh.* 8 roinnte ar 2 = 1 : 4<br>Cheartaigh an léitheoir seo é/í féin uair amháin do gach ceithre fhocal a léadh go mícheart. |

**Maidir leis na céatadáin**

| Léitheoireacht neamhspleách 95%–100% | Téacs teagascach 90%–94% | Téacs deacair 89% agus níos ísle |
|---|---|---|
| Bog an dalta chuig téacs níos deacra lena s(h)íneadh | Tá an dalta sínte agus ag foghlaim ag an leibhéal seo | Bog an dalta chuig téacs níos fusa |

| Ráta earráidí | % cruinnis | |
|---|---|---|
| 1:200<br>1:100<br>1:50<br>1:35<br>1:25<br>1:20 | 99.5<br>99<br>98<br>97<br>96<br>95 | → Téacs neamhspleách |
| 1:17<br>1:14<br>1:12.5<br>1:11.75<br>1:10 | 94<br>93<br>92<br>91<br>90 | → Téacs teagascach |
| 1:9<br>1:8<br>1:7<br>1:6<br>1:5<br>1:4<br>1:3<br>1:2 | 89<br>87.5<br>85.5<br>83<br>80<br>75<br>66<br>50 | → Téacs deacair |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Cód Marcála don Taifead Reatha**
**Leabhar samplach**

| Gnásaíochtaí Léitheoireachta | Nodaireacht | Sampla |
|---|---|---|
| Léitheoireacht bheacht | Cuir tic le gach focal a léitear mar is ceart | ✓ ✓ ✓ ✓<br>Tá mé sa veain. |
| Malartú focal | Scríobh an focal a dúradh os cionn an fhocail sa téacs | scoil<br>Tá mé sa siopa. |
| Focal ar lár | Cuir líne os cionn an fhocail atá ar iarraidh | ____<br>Seo é mo roicéad. |
| Focal eile a chur isteach | Cuir isteach ^ agus an focal | anseo<br>Tá mé sa siopa.<br>^ |
| Athrá | Scríobh A i ndiaidh an fhrása athráite agus tarraing saighead ar ais chuig tús an fhrása | ←——— A<br>Tá mé sa scuaine. |
| Iarrann cuidiú | Scríobh C os cionn an fhocail | C<br>Tá mé sa teach. |
| D'inis an múinteoir an focal | Scríobh M in aice leis an fhocal a d'inis an múinteoir | Tá mé sa veain. M |
| Féincheartúchán | Scríobh FC i ndiaidh focal a cheartaíonn an dalta | mise/FC<br>Tá mé sa scuaine. |
| Fuaimniú amach | Scríobh an focal os cionn an fhocail atá ann le litreacha scartha | s-p-á-s<br>Tá mé sa spás. |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Leibhéal: Banda 4(a), 10** **Téacs: Briosca Beag Blasta** **Cineál téacs: Scéal le Rím**
**Líon focal: 234**

Ainm: ______________________ Dáta breithe: ___________ Aois: ___________

Scoil: ______________________ Rang: _________________ Dáta: ___________

| Ich | Briosca Beag Blasta<br>Banda 4(a), 10 | E | FC | E<br>BSA | FC<br>BSA |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Rinne seanfhear briosca beag maidin inné,<br>Le roinnt leis an tseanbhean le cupán deas tae. | | | | |
| 3 | Ach léim sé den phláta 's i bpreabadh na súl,<br>Síos leis ar an urlár gur rith sé ar shiúl. | | | | |

## Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Bhí caora bheag ocrach ag spraoi<br>taobh amuigh.<br>“Seo chugam mo lón deas!” an rud<br>a dúirt sí. | | | | | |
| 5 | “Tá mise ró-ghasta! Níl mé le<br>hithe!<br>Amharc orm ag rith, ar nós na<br>gaoithe.”<br>Suas leis de léim ’s i bpreabadh<br>na súl,<br>Ar ais ar an lána gur rith sé ar<br>shiúl. | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Bhuail gabhar ocrach leis i bpáirc ghlas ansin.<br>"Briosca beag blasta!" ar seisean go binn. | | | | |
| 7 | Tá mise ró-ghasta! Níl mé le hithe!<br>Amharc orm ag rith, ar nós na gaoithe."<br>Suas leis de léim 's i bpreabadh na súl,<br>Ar ais síos an lána a rith sé ar shiúl. | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 8 | Suas an lána, tháinig sionnach mór leis. “Beidh tusa deas blasta!” ar seisean le spéis. | | | | |
| 9 | Tá mise ró-ghasta! Níl mé le hithe! Amharc orm ag rith, ar nós na gaoithe.” Ach ... | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 | Bhí abhainn mhór ann ag deireadh an lána,<br>D'imigh an briosca 's an sionnach dána.<br>Rith siad 's rith siad. Rith siad gach treo.<br>Suas cnoc, síos cnoc, rith siad beirt leo. | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 11 | "Tá mé spíonta anois! Ní maith liom an rith. Tá plean maith agam," arsa an sionnach, ar crith. "Léim suas ar mo dhroim. Is snámhaí maith mé. Suigh thusa siar 's tóg rudaí go réidh." | | | | |
| **Iomlán** | | | | | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Leibhéal: Banda 4(a), 10  Gnásaíochtaí léitheoireachta léirithe**

Ainm: ______________________  Dáta: __________

| | |
|---|---|
| **1. Eolas agus scileanna – ag forbairt** | ✓ ✗ |
| • Coincheapa cló daingnithe | ☐ |
| • Aithníonn na focail radhairc sa téacs | ☐ |
| • Ábalta an spriocfhocal a léamh go muiníneach | ☐ |
| • Tuigeann eolas ar cheangail idir litir agus fuaim le roinnt focal a dhíchódú | ☐ |
| • Tugann faoi na focail suime – pictiúrleid, eolas ar fhuaimeanna, comhréir | ☐ |
| **2. Straitéisí – ag forbairt** | ✓ ✗ |
| • Luas a athrú nuair is cuí | ☐ |
| • Ciall a léiriú | ☐ |
| • Tuar a dhéanamh | ☐ |
| • Féincheartú a dhéanamh | ☐ |
| **3. Líofacht** | ✓ ✗ |
| • Léann go leanúnach le rithim nádúrtha agus cur i bhfriotal a léiríonn tuiscint | ☐ |
| • Léann cuid den téacs le rithim nádúrtha agus cur i bhfriotal | ☐ |
| • Léann an téacs go mírialta, rud a léiríonn tuiscint theoranta | ☐ |
| • Léann an téacs focal ar fhocal, rud a léiríonn tuiscint theoranta nó easpa tuisceana | ☐ |
| **4. Táscaire athinste agus tuartha le tuiscint a léiriú** | ✓ ✗ |
| • Ábalta mórimeachtaí a insint in ord gan cuidiú ón mhúinteoir | ☐ |
| • Mionsonraí san áireamh san athinsint | ☐ |
| • Ábalta eolas a fháil ó na pictiúir | ☐ |
| • Ábalta scéal a athinsint ag úsáid foclóir cuí | ☐ |
| • Ábalta smaointe a chur in iúl faoin rud a tharlóidh sa scéal | ☐ |
| • Ábalta fáthanna a thabhairt le ceisteanna tátalacha a fhreagairt | ☐ |
| **Ceisteanna a léiríonn tuiscint agus tuar** | ✓ ✗ |
| **Ceisteanna litriúla** | |
| **1.** Cén fáth a ndearna an seanfhear an briosca beag blasta? | ☐ |
| **2.** Cé a bhí ag iarraidh an briosca beag blasta a ithe? | ☐ |
| **Ceisteanna tátalacha** | |
| **3.** Tá an briosca agus an sionnach tuirseach. Cén rud a tharlóidh anois, dar leat? | ☐ |
| **4.** Cén fáth a ndeir an sionnach gur snámhaí maith é, dar leat? | ☐ |
| **5.** Cad iad na mothúcháin atá ar an dá charachtar agus iad san abhainn, dar leat? | ☐ |
| **Nótaí** | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta



**Taifead Reatha Léitheoireachta, Banda 4(a)**

Ainm: ______________________ Dáta breithe: ___________ Aois: ___________

Scoil: ______________________ Rang: _________________ Dáta: ___________

**Leibhéal: Banda 4(a), 10 Téacs: Briosca Beag Blasta Cineál téacs: Scéal le Rím**
**Líon focal: 234**

**Taifead Léitheoireachta – achoimre**

| Earráidí | | |
|---|---|---|
| B | S | A |
| ..... | ..... | ..... |

| Féincheartúcháin | | |
|---|---|---|
| B | S | A |
| ..... | ..... | ..... |

Cruinneas: .....%

Ráta FC: 1: .....

**Gnásaíochtaí léitheoireachta – achoimre**

**1.** Eolas agus scileanna:

**2.** Straitéisí:

**3.** Líofacht:

**Táscaire athinste – achoimre**

| Leibhéal tuisceana | | |
|---|---|---|
| sármhaith | sásúil | míshásúil |
| 4 | 3 | 0–2 |

**Tuiscint – achoimre**

Freagraí cuí tugtha ar na ceisteanna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Litriúil | ceist | 1 | 2 | 3 |
| Tátalach | ceist | 1 | 2 | |

**Moltaí**

| Leibhéal tuisceana | | |
|---|---|---|
| sármhaith | sásúil | míshásúil |
| 5 | 3–4 | 0–2 |

*Múinteoir*: ________________________________

*Dáta a críochnaíodh an measúnú*: ________________

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Leibhéal: Banda 4(b), 10 Téacs: Maratón Cineál téacs: Neamhfhicsean Líon focal: 209**

Ainm: ______________________ Dáta breithe: ___________ Aois: ___________

Scoil: ______________________ Rang: _________________ Dáta: ___________

| Ich | Maratón<br>Banda 4(b), 10 | E | FC | E<br>BSA | FC<br>BSA |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Maratón | | | | |
| | Is rás é an maratón atá 42 | | | | |
| | ciliméadar nó 26 míle ar fad. | | | | |
| | Bíonn maratóin ann ar fud an | | | | |
| | domhain. | | | | |
| | Tóiceo, an tSeapáin | | | | |
| 3 | Nua-Eabhrac, SAM | | | | |
| | Iostanbúl, an Tuirc | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | An Tús<br><br>Bhí cath mór ann i Maratón,<br><br>sa Ghréig, i 490 Roimh Chríost.<br><br>Bhain na Gréagaigh an cath.<br><br>Rith fear ó Mharatón go dtí an<br><br>Aithin leis an scéal. Rith sé 42<br><br>ciliméadar.<br><br>Thug daoine 'maratón' ar an rith<br><br>sin.<br><br>Maratón<br><br>An Aithin<br><br>An Ghréig<br><br>An rith – 42 ciliméadar<br><br>26 míle | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 5 | Bhí maratón<br>sna Cluichí Oilimpeacha<br>san Aithin in 1896.<br>Ansin, in 1897, bhí maratón ann i<br>mBostún,<br>Meiriceá. Ní raibh ach cúig dhuine<br>dhéag sa rás sin. | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Réidh le rith<br><br>Inniu, bíonn na mílte duine<br><br>ag rith maratón.<br><br>Bíonn na daoine is gasta<br><br>ag an líne thosaigh agus<br><br>gach duine eile ar chúl.<br><br>Bostún, SAM | | | | | |
| 7 | An Róimh, an Iodáil | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 8 | An bealach<br>Bíonn na reathaithe ag rith<br>thart le rudaí deasa. Ach ní<br>stopann siad le hamharc orthu!<br>An Arc de Triomphe, Páras<br>An Empire State Building,<br>Nua-Eabhrac | | | | |
| 9 | Súil Londan, Londain | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 | Fanacht Fionnuar<br><br>Bíonn na reathaithe te agus<br><br>ólann siad uisce. In amanna,<br><br>caitheann siad uisce thart orthu féin<br><br>le fanacht fionnuar.<br><br>In amanna, bíonn ar dhaoine<br><br>stopadh. Bíonn otharcharr ann<br><br>má bhíonn daoine tinn.<br><br>uisce do na reathaithe | | | | |
| | **Iomlán** | | | | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Leibhéal: Banda 4(b), 10 Gnásaíochtaí léitheoireachta léirithe**

Ainm: ______________________ Dáta: __________

| | |
|---|---|
| **1. Eolas agus scileanna – ag forbairt** | ✓ × |
| • Coincheapa cló daingnithe | ☐ |
| • Aithníonn na focail radhairc sa téacs | ☐ |
| • Ábalta an spriocfhocal a léamh go muiníneach | ☐ |
| • Tuigeann eolas ar cheangail idir litir agus fuaim le roinnt focal a dhíchódú | ☐ |
| • Tugann faoi na focail suime – pictiúrleid, eolas ar fhuaimeanna, comhréir | ☐ |
| **2. Straitéisí – ag forbairt** | ✓ × |
| • Luas a athrú nuair is cuí | ☐ |
| • Ciall a léiriú | ☐ |
| • Tuar a dhéanamh | ☐ |
| • Féincheartú a dhéanamh | ☐ |
| **3. Líofacht** | ✓ × |
| • Léann go leanúnach le rithim nádúrtha agus cur i bhfriotal a léiríonn tuiscint | ☐ |
| • Léann cuid den téacs le rithim nádúrtha agus cur i bhfriotal | ☐ |
| • Léann an téacs go mírialta, rud a léiríonn tuiscint theoranta | ☐ |
| • Léann an téacs focal ar fhocal, rud a léiríonn tuiscint theoranta nó easpa tuisceana | ☐ |
| **4. Táscaire athinste le tuiscint a léiriú** | ✓ × |
| • Ábalta mórimeachtaí a insint in ord gan cuidiú ón mhúinteoir | ☐ |
| • Mionsonraí san áireamh san athinsint | ☐ |
| • Ábalta eolas a fháil ó na pictiúir | ☐ |
| • Ábalta scéal a athinsint agus foclóir cuí in úsáid | ☐ |
| **Ceisteanna a léiríonn tuiscint agus gnóthachtáil labharthachta** | ✓ × |
| **Ceisteanna litriúla** | |
| **1.** Cén rud é maratón? | ☐ |
| **2.** Ainmnigh cúpla áit atá luaite sa leabhar. | ☐ |
| **3.** Cén dóigh a bhfanann na reathaithe fionnuar agus iad ag rith? | ☐ |
| **Ceisteanna tátalacha** | |
| **4.** Cé chomh deacair agus a bheadh sé maratón a rith, dar leat? Cén fáth? | ☐ |
| **5.** Cén fáth a ritheann daoine maratóin, dar leat? | ☐ |
| **Nótaí** | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

## Taifead Reatha Léitheoireachta, Banda 4(b)

Ainm: ______________________ Dáta breithe: ___________ Aois: ___________

Scoil: ______________________ Rang: _________________ Dáta: ___________

**Leibhéal: Banda 4(b), 10 Téacs: Maratón Cineál téacs: Neamhfhicsean Líon focal: 209**

### Taifead Léitheoireachta – achoimre

| Earráidí | | |
|---|---|---|
| B | S | A |
| ..... | ..... | ..... |

| Féincheartúcháin | | |
|---|---|---|
| B | S | A |
| ..... | ..... | ..... |

Cruinneas: .....%

Ráta FC: 1: .....

### Gnásaíochtaí léitheoireachta – achoimre

**1.** Eolas agus scileanna:

**2.** Straitéisí:

**3.** Líofacht:

### Táscaire athinste – achoimre

| Leibhéal tuisceana | | |
|---|---|---|
| sármhaith | sásúil | míshásúil |
| 4 | 3 | 0–2 |

### Tuiscint – achoimre

Freagraí cuí tugtha ar na ceisteanna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Litriúil | ceist | 1 | 2 | 3 |
| Tátalach | ceist | 1 | 2 | |

### Moltaí

| Leibhéal tuisceana | | |
|---|---|---|
| sármhaith | sásúil | míshásúil |
| 5 | 3–4 | 0–2 |

*Múinteoir*: ________________________________

*Dáta a críochnaíodh an measúnú*: ________________

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Leibhéal: Banda 4(c), 10** **Téacs: Gruaig Ghránna** **Cineál téacs: Scéal** **Líon focal: 210**

Ainm: ______________________ Dáta breithe: ___________ Aois: ___________

Scoil: ______________________ Rang: _________________ Dáta: ___________

Tá na lipéid ón scéal i gcló dearg anseo, mar chur i gcuimhne don mhúinteoir go bhfuil siad san áireamh i líon na bhfocal.

| Ich | Gruaig Ghránna<br>Banda 4(c), 10 | E | FC | E<br>BSA | FC<br>BSA |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Bhí Réics ina dhineasár deas.<br>Bhí sé i gcónaí cineálta leis<br>na hainmhithe eile.<br>Réics | | | | |
| 3 | Lá amháin, thug a dhaidí siopa dó.<br>Gruaig Ghránna an t-ainm a thug a<br>dhaidí ar an siopa.<br>Gruaig Ghránna | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Bhí smaoineamh maith<br>ag daidí Réics.<br>Dúirt daidí Réics leis,<br>"Ar dtús, abair leis na<br>hainmhithe eile suí síos<br>ar do chathaoir.<br>Ansin, abair, Rááááár!<br>Ansin, ith iad!" | | | | |
| 5 | Ach níor mhaith le Réics na<br>hainmhithe eile a ithe.<br>Ba mhaith leis bearradh gruaige a<br>thabhairt dóibh. | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Tháinig ainmhí chuig siopa Réics,<br>lá. Bhí sé brónach buartha. | | | | |
| 7 | "Is fuath liom m'ainm," ar seisean.<br>"Ceann, a thugann siad ormsa, mar<br>níl tú ábalta mo chorp a fheiceáil."<br>sprae gruaige | | | | |
| 8 | Níor ith Réics é. Thug sé bearradh<br>gruaige dó.<br>Agus, chuir sé dath gruaige ina<br>chuid gruaige.<br>dath | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 9 | “Anois, athraigh d’ainm go Spota,”<br>arsa Réics.<br>dath | | | | |
| 10 | “Tá mé thar a bheith sásta anois!”<br>arsa Spota. “Tá mé ag dul a rá<br>le mo chairde faoin siopa seo.”<br>Spota | | | | |
| 11 | Tháinig ainmhí eile isteach.<br>“Is mise Caora,” ar sise.<br>“Tá bearradh maith de dhíth orm.” | | | | |
| 12 | Níor ith Réics í.<br>Thug sé bearradh gruaige di.<br>Bainne | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 13 | "Foirfe! Nach mé atá galánta?" arsa Caora. "Go raibh míle maith agat, a Réics. Tá mé ag dul a rá le mo chairde faoin siopa seo." | | | | |
| | **Iomlán** | | | | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Leibhéal: Banda 4(c), 10 Gnásaíochtaí léitheoireachta léirithe**

Ainm: ______________________________ Dáta: __________

| | ✓ ✗ |
|---|---|
| **1. Eolas agus scileanna – ag forbairt** | ✓ ✗ |
| • Coincheapa cló daingnithe | ☐ |
| • Aithníonn na focail radhairc sa téacs | ☐ |
| • Ábalta an spriocfhocal a léamh go muiníneach | ☐ |
| • Tuigeann eolas ar cheangail idir litir agus fuaim le roinnt focal a dhíchódú | ☐ |
| • Tugann faoi na focail suime – pictiúrleid, eolas ar fhuaimeanna, comhréir | ☐ |
| **2. Straitéisí – ag forbairt** | ✓ ✗ |
| • Luas a athrú nuair is cuí | ☐ |
| • Ciall a léiriú | ☐ |
| • Tuar a dhéanamh | ☐ |
| • Féincheartú a dhéanamh | ☐ |
| **3. Líofacht** | ✓ ✗ |
| • Léann go leanúnach le rithim nádúrtha agus cur i bhfriotal a léiríonn tuiscint | ☐ |
| • Léann cuid den téacs le rithim nádúrtha agus cur i bhfriotal | ☐ |
| • Léann an téacs go mírialta, rud a léiríonn tuiscint theoranta | ☐ |
| • Léann an téacs focal ar fhocal, rud a léiríonn tuiscint theoranta nó easpa tuisceana | ☐ |
| **4. Táscaire athinste agus tuartha le tuiscint a léiriú** | ✓ ✗ |
| • Ábalta mórimeachtaí a insint in ord gan cuidiú ón mhúinteoir | ☐ |
| • Mionsonraí san áireamh san athinsint | ☐ |
| • Ábalta eolas a fháil ó na pictiúir | ☐ |
| • Ábalta scéal a athinsint ag úsáid foclóir cuí | ☐ |
| • Ábalta smaointe a chur in iúl faoin rud a tharlóidh sa scéal | ☐ |
| • Ábalta fáthanna a thabhairt le ceisteanna tátalacha a fhreagairt | ☐ |
| **Ceisteanna a léiríonn tuiscint agus tuar** | ✓ ✗ |
| **Ceisteanna litriúla** | |
| **1.** Cén rud a thug daidí Réics dó? | ☐ |
| **2.** Cad iad na hainmhithe a tháinig chuig an siopa? | ☐ |
| **Ceisteanna tátalacha** | |
| **3.** Cén fáth nár ith Réics na hainmhithe eile, dar leat? | ☐ |
| **4.** Cén fáth a bhfuil Scúnc míshona, dar leat? | ☐ |
| **5.** Cén fáth ar athraigh Réics an t-ainm a bhí ar an siopa, dar leat? | ☐ |
| **Nótaí** | |

# Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 4

**Taifead Reatha Léitheoireachta, Banda 4(c)**

Ainm: ______________________ Dáta breithe: ___________ Aois: ___________

Scoil: ______________________ Rang: _________________ Dáta: ___________

**Leibhéal: Banda 4(c), 10 Téacs: Gruaig Ghránna Cineál téacs: Scéal Líon focal: 210**

## Taifead Léitheoireachta – achoimre

| Earráidí | | |
|---|---|---|
| B | S | A |
| ..... | ..... | ..... |

| Féincheartúcháin | | |
|---|---|---|
| B | S | A |
| ..... | ..... | ..... |

Cruinneas: .....%

Ráta FC: 1: .....

## Gnásaíochtaí léitheoireachta – achoimre

**1.** Eolas agus scileanna:

**2.** Straitéisí:

**3.** Líofacht:

## Táscaire athinste – achoimre

| Leibhéal tuisceana | | |
|---|---|---|
| sármhaith | sásúil | míshásúil |
| 4 | 3 | 0–2 |

## Tuiscint – achoimre

Freagraí cuí tugtha ar na ceisteanna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Litriúil | ceist | 1 | 2 | 3 |
| Tátalach | ceist | 1 | 2 | |

## Moltaí

| Leibhéal tuisceana | | |
|---|---|---|
| sármhaith | sásúil | míshásúil |
| 5 | 3–4 | 0–2 |

*Múinteoir*: ________________________________

*Dáta a críochnaíodh measúnú*: _______________

# Gníomhaíochtaí

# Gníomhaíochtaí Cláraithe

Banda 4a

**Clár**

Forbraítear réimse leathan scileanna go comhthreomhar ar bhonn traschuraclaim sna gníomhaíochtaí seo. Seo thíos eochair do na gnéithe a chlúdaítear:

**AF – Aithint Focail**
**FT – Forbairt Teanga**
**FF – Feasacht Fhóineolaíoch**
**F – Fónaic**
**CC – Coincheapa faoi Chló**
**S – Scríbhneoireacht**
**SSÁP – Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta**
**GG – Gnéithe Gaeilge**
**ST – Scileanna Tuisceana**
**ÚM – Úsáid na Matamaitice trasna an churaclaim**
**FPC – Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint**
**DTO – an Domhan Thart Orainn**

## Banda 4a

| Teideal an Leabhair | Cur Síos ar na Gníomhaíochtaí | Gnéithe a Chlúdaítear |
|---|---|---|
| **1**<br>**Ainmhithe Ársa**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. Na samhlacha ón leabhar a chríochnú agus a mheaitseáil leis an ainmhí ceart, chomh ... le ...<br>b. Ceisteanna a fhreagairt. | SSÁP, S, FT, AF, GG, ST |
| | 2. Dear do dhineasár féin agus déan cur síos air. Bain úsáid as na frásaí ón leabhar nó as do chuid frásaí féin. | FT, SSÁP, GG, S, DTO |
| **2**<br>**Óstán Mionainmhithe**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Scríbhneoireacht ghnásúil. Mínigh an dóigh le hóstán mionainmhithe a dhéanamh. Treoracha tugtha as ord. | S, SSÁP, FT, AF, DTO, ST |
| | 2. An bhreischéim agus an tSárchéim i gcomhthéacs na leabhar atá léite acu i mBanda 4. | SSÁP, FT, GG |
| **3**<br>**Mo Chol Ceathrair**<br>***Ficsean*** | 1. Réimse ceisteanna le léamh agus le freagairt, bunaithe ar thuiscint, rím, eolas agus taithí phearsanta an dalta. | FT, SSÁP, AF, FPC |
| | 2. Focail a dhéanann rím le chéile a mheaitseáil le chéile. | FF |
| **4**<br>**An Giorria agus an Toirtís agus an Sionnach agus an Gabhar**<br>***Ficsean*** | 1. Greannán a dhéanamh de cheann de na scéalta ón leabhar. Abairtí tugtha mar thacaíocht. | S, SSÁP, FT, ST |
| | 2. Cuardaigh an t-eolas sa leabhar nó freagair réimse ceisteanna ó chuimhne. | FT, SSÁP, AF, ST, S |

| | | |
|---|---|---|
| **5**<br>**Cairde**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. Scríobh achoimre ar an dóigh ar éirigh 'péire cairde' mór le chéile.<br>b. Próifíl charad a dhearadh.<br><br>2. Abairtí a léamh agus réimse de phoncaíocht chuí a chur isteach de réir mar is gá. | S, SSÁP, FT, FPC, ST<br><br><br><br><br>CC, SSÁP, S |
| **6**<br>**An Grús Gorm**<br>***Ficsean*** | 1. An forainm réamhfhoclach ceart (den réamhfhocal 'ag') a úsáid le habairtí a chríochnú agus le ceisteanna a fhreagairt: agam, agat, aige, aici.<br><br>2. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. Léaráidí a chruthú san aimsir chaite, le struchtúr dearfach, diúltach agus ceisteach roimh ghuta a mhúnlú, mar atá, 'D', Níor, Ar'.<br>b. Na léaráidí a úsáid le ceisteanna san aimsir chaite a fhreagairt mar is ceart. | GG, SSÁP<br><br><br><br><br>GG, SSÁP, FT, FPC |
| **7**<br>**Feithidí**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Briathra a chríochnaíonn le -nn; abairtí a chríochnú; focail eile a chríochnaíonn le -nn a chuardach sa seomra ranga.<br><br>2. Treoracha a leanúint le hinnéacs a scríobh don leabhar. | GG, FF, SSÁP<br><br><br><br>AF, SSÁP, S, ST |
| **8**<br>**Róbat Rónáin**<br>***Ficsean*** | 1. Séimhiú a chur le briathra rialta lena gcur san aimsir chaite. Abairtí a scríobh leis na briathra sin, bunaithe ar an leabhar.<br><br>2. Focail ar mhalairt céille a mheaitseáil le chéile. Aidiachtaí a mheaitseáil le hainmfhocail agus abairtí ábhartha a chumadh. | GG, SSÁP, S<br><br><br><br>SSÁP, FT, GG, S |
| **9**<br>**Déan Preableabhar**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Liosta a chur le chéile d'ábhair don phreableabhar agus iad a chur in ord aibítre.<br><br>2. Focail bheaga a aimsiú i bhfocail atá níos mó. Iad a chlárú. | SSÁP, FF, S<br><br><br>AF, S |
| **10**<br>**Briosca Beag Blasta**<br>***Ficsean*** | 1. Focail agus frásaí ón leabhar a dhéanann rím a mheaitseáil le chéile agus a scríobh ar líne.<br><br>2. Abairtí a chumadh leis an chopail, ainmfhocal agus aidiacht. | F, FF<br><br><br>GG, FT, SSÁP |

# Gníomhaíochtaí Cláraithe

Banda 4b

| Banda 4b | | |
|---|---|---|
| **Teideal an Leabhair** | **Gníomhaíochtaí** | **Gnéithe a Chlúdaítear** |
| **1**<br>**An Tornapa Ollmhór**<br>***Ficsean*** | 1. Réimse ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.<br>2. Idirdhealú a dhéanamh idir fhocail ina bhfuil 's' caol nó 's' leathan; liosta a dhéanamh dá réir. | AF, SSÁP, S, FT, ST<br>F, FF |
| **2**<br>**Piongainí**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Fíricí a mheaitseáil leis an phiongain cheart; fíric eile a aimsiú ón leabhar.<br>2. Leideanna a léamh faoi na piongainí éagsúla agus an phiongain cheart a ainmniú. | AF, SSÁP, S, ST<br>AF, SSÁP, S, DTO, ST |
| **3**<br>**Péist agus a Lón**<br>***Ficsean*** | 1. Maisc leis an dráma a dhéanamh sa rang.<br>2. Réimse ceisteanna a léamh agus a fhreagairt le struchtúr ar leith Gaeilge a mhúnlú, mar aon le hábhar an leabhair a thuiscint. | SSÁP, FT<br>AF, SSÁP, S, FT, GG, ST |
| **4**<br>**Ríomhphictiúir**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Líon na siollaí i bhfocail a chuntas agus a chlárú ar thábla.<br>2. Clár, gluais, innéacs a úsáid le heolas a fháil. | F, SSÁP, ÚM<br>SSÁP, AF, S |
| **5**<br>**Sa Tóir ar an Ór**<br>***Ficsean*** | 1. Cluiche beirte. Gach carachtar sa scéal, mar aon leis an ór, a chlárú ar léarscáil agus sealanna a ghlacadh lena aimsiú.<br>2. Ceisteanna a fhreagairt do pháipéar nuachta; is tusa Tim Tanaí. | ÚM, SSÁP<br>FT, AF, SSÁP, S |
| **6**<br>**Ainmhithe i bPluaiseanna**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Réimse ceisteanna a léamh agus a fhreagairt le heolas agus tuiscint a léiriú.<br>2. Leideanna a léamh faoi na hainmhithe pluaise; cinneadh a dhéanamh faoi cé acu atá siad fíor nó nach bhfuil. | AF, SSÁP, ST, DTO, S<br>AF, SSÁP, ST, DTO |
| **7**<br>**Na Trí Bhéar**<br>***Ficsean*** | 1. **ea** a aithint i bhfocail ón scéal agus i leabhair roimhe seo; abairtí a chumadh le roinnt de na focail sin.<br>2. 'ró-' a úsáid le haidiachtaí nua a chumadh; abairtí a chumadh. | FF, S<br>FT, GG, S |

| | | |
|---|---|---|
| **8**<br>**Tine! Tine!**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. Ceisteanna a fhreagairt a bhaineann le stair ábhar an leabhair.<br>b. Úsáid a bhaint as gluais.<br><br>2. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. Foclóir a bhaineann le hábhar an leabhair a chuardach ann.<br>b. Inneall dóiteáin a dhearadh agus lipéid a chur air. | DTO, AF, SSÁP, S, FT<br><br><br><br>FT, SSÁP, DTO, S |
| **9**<br>**Lúidín Ó Laoi**<br>***Ficsean*** | 1. **mo** + ainmfhocal a thosaíonn le guta = **m'**; abairtí a chumadh.<br><br>2. Focail ón leabhair a chur in ord aibítre. | GG, FT, S<br><br><br>FF, S, AT, FT |
| **10**<br>**Maratón**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. **-nn** a chur ag deireadh briathra san aimsir láithreach.<br>b. Roinnt abairtí a chumadh.<br><br>2. 2 ghníomhaíocht ar aon leathanach:<br>a. Áiteanna atá luaite sa leabhar a liostú in ord aibítre.<br>b. Ceisteanna a fhreagairt le heolas a léiriú. | GG, FT, S<br><br><br><br><br>FF, AF, FT, S, ST |

| Banda 4c | | |
|---|---|---|
| **Teideal an Leabhair** | **Gníomhaíochtaí** | **Gnéithe a Chlúdaítear** |
| **1**<br>**Éin in Éirinn**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Éan eile a aimsiú sa timpeallacht; cur síos a scríobh air agus focalstór tugtha mar thacaíocht.<br><br>2. Leideanna a léamh faoi na héin éagsúla agus an t-éan ceart a ainmniú. | DTO, S, FT, AF<br><br>AF, SSÁP, S, DTO, ST |
| **2**<br>**An Sionnach agus an Préachán agus an Seangán agus an Dreoilín Teaspaigh**<br>***Ficsean*** | 1. Réimse ceisteanna a léamh agus a fhreagairt, bunaithe ar eachtraí agus ceachtanna na scéalta.<br><br>2. Scéalchlár a chumadh don leabhar. | AF, SSÁP, FPC, ST<br><br>SSÁP, S, ST |
| **3**<br>**Slán Sábháilte**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Ainmhí amháin a roghnú; míniú a thabhairt ar an dóigh a bhfanann sé i bhfolach.<br><br>2. Leideanna a léamh faoi na hainmhithe éagsúla agus an t-ainmhí ceart a ainmniú. | SSÁP, S, ST<br><br>AF, SSÁP, ST |
| **4**<br>**Mánas Mairnéalach i dTrioblóid**<br>***Ficsean*** | 1. Pictiúr ón scéal a tharraingt; bolgáin chainte a chumadh do na carachtair sa phictiúr.<br><br>2. Liosta iarmhairtí a chumadh do mhairnéalaigh nach ndéanann a gcuid oibre; féidearthacht d'obair bheirte. | SSÁP, S, CC, FPC<br><br>FPC, S |
| **5**<br>**Aire do Bhabaithe**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Fíric amháin a roghnú do gach ainmhí sa leabhar agus a scríobh ar an ainmhí ábhartha.<br><br>2. Na hainmhithe sa leabhar a liostú; an liosta a chur in ord aibítre agus eolas a chuardach ón leabhar le hinnéacs a dhéanamh. | DTO, S<br><br>F, SSÁP, AF, S, ST |
| **6**<br>**Amuigh ag siúl**<br>***Ficsean*** | 1. Ainmneacha a chumadh do réimse ainmhithe; tosóidh gach ainm leis an chéad litir chéanna agus atá ag an ainmhí.<br><br>2. Liosta rialacha a chumadh don dá ainmhí don chéad uair eile a rachaidh siad amach ag siúl. | F, SSÁP, FT<br><br>FPC, SSÁP, S |
| **7**<br>**An Ghrian agus an Ghealach**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Réimse ceisteanna a léamh agus a fhreagairt, bunaithe ar ábhar an leabhair agus eolas an dalta air.<br><br>2. Fíricí a chuardach sa leabhar agus a chlárú ar an phictiúr cheart. | AF, ST, SSÁP, DTO, S<br><br>DTO, SSÁP, AF, ST, S |

| | | |
|---|---|---|
| **8**<br>**Mar a Fuair an Eilifint a Trunc**<br>***Ficsean*** | 1. Réimse ceisteanna a léamh agus a freagairt, bunaithe ar ábhar an leabhair.<br><br>2. Focail agus frásaí ón leabhar a dhéanann rím a mheaitseáil le chéile agus a scríobh ar líne. | AF, ST, SSÁP, FT, S<br><br>F, FF |
| **9**<br>**Siorcanna**<br>***Neamhfhicsean*** | 1. Lipéid a scríobh; míniú a scríobh faoin dóigh a n-úsáideann siorcanna an rud atá luaite ar an lipéad.<br><br>2. Siorc a roghnú, pictiúr a dhéanamh de agus cur síos a dhéanamh air. | DTO, ST, FT, S<br><br>SSÁP, AF, S, DTO |
| **10**<br>**Gruaig Ghránna**<br>***Ficsean*** | 1. Pictiúr roimh bhearradh agus ceann ina dhiaidh; ceisteanna a fhreagairt.<br><br>2. Aird dírithe ar fhrásaí mar '**b**rónach **b**uartha' a aithint; frásaí comhchosúla ó thaithí an dalta a chríochnú. | SSÁP, AF, S<br><br>SSÁP, AF, S, GG, FT |